MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG AN
mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ A THABHAIRT (I) LE hAGHAIDH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) LE hAGHAIDH SCÉIM MHÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) LE hAGHAIDH SCÉIM BHÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP: ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

AIGHNEACHTAÍ DLÍ IMLÍNEACHA CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE MAR FHREAGRA AR SHAINCHEISTEANNA DLÍ A ARDAÍODH IN AIGHNEACHTAÍ/AGÓIDÍ

<u>21 FEABHRA 2020</u>

## A. Ginearálta

1. Ullmhaíodh na haighneachtaí seo i scríbhinn thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe i leith saincheisteanna dlí áirithe a ardaíodh i ndáil le trí iarratas ar cheaduithe atá ar feitheamh os comhair an Bhoird Pleanála (**"an Bord"**), eadhon:-

   (1) na haighneachtaí faoin iarratas ar cheadú Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, ar aighneachtaí iad a fuair an Bord ar an 23 Deireadh Fómhair 2018,

   (2) na hagóidí a rinneadh in aghaidh Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 ar ina leith a rinneadh iarratas chuig an mBord ar cheadú faoi alt 49 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú; agus

   (3) na hagóidí a rinneadh in aghaidh Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 ar ina leith a rinneadh iarratas chuig an mBord ar cheadú faoi alt 49 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú.

2. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ("**TMTT**") agus Ráiteas Tionchair Natura ("**RTN**") faoi bhráid an Bhoird in éineacht leis an iarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú. I gcás ina gcinnfidh an Bord ceadú a dheonú le haghaidh na scéimeanna faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, beidh toiliú le forbairt deonaithe do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus féadfaidh sí leanúint ar aghaidh leis an bhforbairt bhóthair bheartaithe. Más rud go ndéanfaidh an Bord Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthair N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 a cheadú faoi alt 49, beidh údarú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe na tailte agus na leasanna i dtailte a shonraítear sna scéimeanna sin.

3. Cuimsíonn Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe ("**an fhorbairt bhóthair bheartaithe**" nó "**CB N6 CG**") tuairim is 18 km de bhonneagar bóthair ó acomhal nua leis an R336 ar an taobh thiar de Bhearna chun dul i gceangal leis an N6 láithreach soir ó Chathair na Gaillimhe ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise.[1]

---

1 Féach cur síos ar phríomheilimintí na forbartha bóthair atá beartaithe i roinn 8.1 d'Imleabhar 1 (Achoimre Neamhtheicniúil) den Ráiteas faoin Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta [TMTT] a cuireadh faoi bhráid an Bhoird ar an 28 Deireadh Fómhair 2018.

## B. MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA

4. De bhun alt 50 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, ní mór forbairt bhóthair bheartaithe ina gcuimsítear mótarbhealach a dhéanamh a chur faoi réir Measúnacht Tionchair Timpeallachta ("**MTT**"). Dá réir sin, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe TMTT faoi bhráid an Bhoird lena cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú.

5. Is é atá san MTT atá le déanamh ag an mBord ná an ceann a éilítear le forálacha Threoir 85/337/CEE (arna leasú le Treoracha 97/11/CE agus 2003/35/CE agus arna códú mar Threoir 2011/92/AE, arna leasú le forálacha Threoir 2014/52/AE) ("**Treoir MTT**") in imthosca inar cuireadh tús le próiseas iarratais ar thoiliú le forbairt tar éis an dáta trasuite (i.e. An 16 Bealtaine 2017). Is é atá sa chineál measúnachta a éilítear ná an cineál a fhorordaítear faoi Airteagal 3 den Treoir MTT.

6. Is sa TMTT a fhaightear an fhaisnéis a fhorordaítear leis na forálacha iomchuí d'Acht na mBóithre, arna leasú. Tar éis an TMTT a thíolacadh, leasaíodh forálacha alt 51 le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Acht na mBóithre 1993) (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 279 de 2019) chun na hoibleagáidí faoi Threoir MTT a thrasuíomh isteach sa nós imeachta maidir le toiliú le forbairt faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú.

7. D'ainneoin go raibh am TMTT ar marthain sula ndearnadh na leasuithe ar alt 51 i dtaca leis an ábhar seo de, cuireadh na hoibleagáidí faoin Treoir leasaithe MTT san áireamh sa TMTT agus ullmhaíodh an TMTT sa chaoi go raibh na hoibleagáidí faoin Treoir leasaithe MTT á gcomhlíonadh.

8. Le hAirteagal 5(1) den Treoir MTT, arna leasú, ceanglaítear ar Bhallstáit an méid seo a leanas a chinntiú:

> *Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh san fhaisnéis atá le soláthar ag an bhforbróir:*
>
> *(a) cur síos ar an tionscadal lena n-áirítear faisnéis faoi láithreán, faoi dhearadh, faoi mhéid agus faoi ghnéithe iomchuí eile an tionscadail;*
> *(b) cur síos ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla a bheidh ag an tionscadal ar an timpeallacht;*
> *(c) cur síos ar na gnéithe den tionscadal ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha dochracha a bheith acu ar an timpeallacht agus/nó cur síos ar bhearta atá á samhlú chun éifeachtaí suntasacha dochracha ar an timpeallacht a sheachaint, a chosc nó a laghdú;*

(d) *cur síos ar na malairtí réasúnacha a ndearna an forbróir staidéar orthu agus atá ábhartha don tionscadal agus dá shaintréithe sonracha, mar aon le léiriú ar na príomhchúiseanna leis an rogha atá á glacadh, agus aird á tabhairt ar éifeachtaí an tionscadail ar an timpeallacht;*

(e) *achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) (a) go (d); agus*

(f) *aon fhaisnéis bhreise a shonraítear in Iarscríbhinn IV i ndáil le saintréithe sonracha tionscadail ar leith nó cineáil ar leith tionscadail agus i ndáil leis na gnéithe timpeallachta ar dóigh go ndéanfar difear dóibh.*

9. Is é atá i seasamh Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná gurb ionann an TMTT a tíolacadh in éineacht leis an iarratas ar cheadú faoi alt 51 agus coimre faisnéise ar na héifeachtaí dóchúla a bheidh ag an bhforbairt atá beartaithe ar an timpeallacht agus gurb ionann é agus meastóireacht mhionsonraithe chuimsitheach ar na tionchair.

10. Maidir leis an bhfaisnéis agus leis an meastóireacht atá ann sa TMTT agus a cuireadh i láthair le linn na héisteachta ó bhéal, faisnéis dhocht agus meastóireacht dhocht atá ann agus comhlíonann siad an Treoir MTT agus forálacha reachtúla intíre araon agus áitítear gur léir go sáraíonn an TMTT, uaidh féin, caighdeán na tástála dóthanachta a chuirfidh an Bord i bhfeidhm le linn dó an TMTT a bhreithniú.

11. Maíonn Ob_695 nach leor an breithniú a rinneadh ar mhalairtí, de shárú ar fhorálacha na Treorach MTT. Ní hamhlaidh an cás de réir mar is léir ó chaibidil 4 den TMTT ina leagtar amach cur síos iomlán ar na malairtí réasúnacha a ndearnadh staidéar orthu agus atá bainteach leis an tionscadal agus lena shaintréithe sonracha, mar aon le léiriú ar na príomhchúiseanna leis an rogha atá glactha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus aird á tabhairt ar éifeachtaí an tionscadail ar an timpeallacht. Maidir leis na malairtí a ndearnadh staidéar orthu agus maidir le freagra ar na haighneachtaí a rinneadh i ndáil le malairtí, déileáiltear leis na nithe sin i roinn 4.3 a bhaineann leis an ráiteas fianaise ó Eileen McCarthy.

12. Mar atá leagtha amach sa TMTT, in imthosca inar chinn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil gá le bonneagar bóthair breise, breithníodh líon mór malairtí i leith oirthear agus iarthar Chathair na Gaillimhe a cheangal le chéile. Mar chuid den fhorbairt i leith malairtí, áiríodh measúnacht ar Scéim Sheachbhóthar Lasmuigh Chathair na Gaillimhe ("**SLCG**") agus, chomh maith leis sin, ar roghanna nua bealaigh inar áiríodh uasghrádú ar an ngréasán bóthair láithreach, ar a dtugtar uasghrádú ar bhóthar atá in úsáid, uasghrádú páirteach ar bhóthar atá in úsáid in éineacht le bonneagar bóthair nua agus bóthar nua ar fad.

13. Ina theannta sin, beidh ar an mBord aird a thabhairt ar éifeacht charnach na forbartha bóthair beartaithe i gcomhthéacs tionscadail agus pleananna eile

ar ina leith a dtagann éifeachtaí comhcheangail chun cinn. Rinneadh na tionchair charnacha sin a bhreithniú sa TMTT i gcomhthéacs na n-éifeachtaí éagsúla timpeallachta.

14. Is é atá sa tionscadal is ábhar don iarratas os comhair an Bhoird ná CB N6 CG agus rinneadh gach eilimint den fhorbairt bhóthair bheartaithe a chur san áireamh mar chuid de na hiarratais ionas nach mbeidh aon cheist ann maidir le deighilt tionscadal.

15. A mhéid atá sé tugtha le fios go bhfuil oibleagáid ann MTT a dhéanamh ar an Straitéis Iompair na Gaillimhe ("**SIG**") ina hiomláine ar an mbonn gur tionscadal é CB N6 CG atá sainaitheanta mar chuid de SIG, tá an méid sin bunaithe mhíthuiscint i dtaobh chineál na measúnachtaí timpeallachta atá le déanamh i ndáil le "plean", ar thaobh amháin, agus i ndáil le "tionscadal", ar an taobh eile. Nuair a bhíonn measúnachtaí timpeallachta i gceist déantar idirdhealú soiléir idir plean nó clár agus tionscadal agus tá sé tábhachtach gan an dá choincheap an-sainiúil sin a mheascadh lena chéile.

16. Faoi fhorálacha Threoir 2001/42/CE maidir le measúnacht straitéiseach timpeallachta ("**Treoir MST**"), ceanglaítear go mbeidh plean nó clár ina ábhar do mheasúnacht straitéiseach timpeallachta ach, faoin Treoir MTT, ceanglaítear go mbeidh tionscadal ina ábhar do MTT. Ní hionann forbairt shonrach a bheith á shamhlú i bplean nó i gclár agus a rá gurb ionann plean nó clár iomlán agus an tionscadal chun críocha na Treorach MTT.

17. Rinneadh an t-idirdhealú sin in *Kavanagh v. Ireland* [2007] I.E.H.C. 296 ina raibh ar an Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh i dtaobh, *inter alia*, an raibh Plean Forbartha Náisiúnta agus cinntí an Rialtais chun príosún a fhorbairt ag Halla Bhaile na Sceach "ina phlean nó ina chlár" a raibh feidhm ag an Treoir MTT maidir leis. Rinne Smyth J. idirdhealú idir "plean" agus "tionscadal aonair agus bhreithnigh sé an ceanglas gur b é an plean nó an clár a leag síos "an creat le haghaidh toiliú le forbairt sa todhchaí".

18. Maidir le breithiúnas *Kavanagh*, ar cheadaigh an Ard-Chúirt é le déanaí in *Martin v. An Bord Pleanála* [2018] I.E.H.C. 4, léiríonn sé tuairim an Choimisiúin Eorpaigh ina dhoiciméad dar teideal *"Cur chun feidhme Threoir 2001/42 maidir le measúnú éifeachtaí pleananna agus cláir áirithe ar an timpeallacht"* ina leagtar amach roinnt treorach i dtaobh conas cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil feidhm ag an Treoir. Le fírinne, rinneadh tagairt d'ábhar treorach an Choimisiúin sna breithiúnais in *Kavanagh* agus in *Ballinasloe Chamber of Commerce Ltd. v. Ballinasloe Town Council* [2012] I.E.H.C. 273. Tá na breithiúnais sin de chuid chúirteanna na hÉireann i gcomhréir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), lena n-áirítear na cinntí i gCásanna Uamtha C-105/09 agus C-110/09 *Terre Wallonne* [2010] ECR I-5611 agus i gCás C-43/10 *Nomarchiaki* [2013] Env. L. R. 453.

---
2 Ob_602_698_699_704.

19. Ina cháil mar phlean nó mar chlár, bhí an SIG ina ábhar do Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a rinneadh de réir cheanglais na Treorach MST. Ní plean ná clár é CB N6 CG, ná ní fhéadfaí a mheas, uaidh féin, gur plean nó clár é, de réir bhrí na Treorach MST. Tá sé an-soiléir gur tionscadal sainiúil ar leithligh é i gcomparáid leis na tionscadail eile laistigh de SIG. Dá bhrí sin, ní bhaineann na hiarratais a rinneadh chuig an mBord ach amháin le CB N6 CG, de réir mar is cuí, agus ní bhaineann siad le plean/clár SIG.

20. Tá sé tábhachtach a léiriú gur próiseas atriallach, idirghníomhach, solúbtha é an próiseas atá i gceist leis an éisteacht ó bhéal seo. I dtaca leis sin de, déantar tagairt do bhreithiúnas na hArd-Chúirte in *Klohn v. An Bord Pleanála (No. 2)* [2008]
I.E.H.C. 111 ina luaitear an méid seo a leanas:-

> *"Is fiú a rá freisin gurb é atá sa ráiteas tionchair timpeallachta ná doiciméad a chuireann an forbróir ar fáil agus go mbíonn na téarmaí atá ann socair an tráth a dtíolactar é. Os a choinne sin, is é atá sa mheasúnacht tionchair timpeallachta ná próiseas de chineál leanúnach a chuireann an cinnteoir i bhfeidhm. D'fhéadfadh cuid mhór rudaí tarlú, agus d'fhéadfadh sé go mbaileofaí cuid mhór faisnéise, idir tráth taiscthe an ráitis measúnachta timpeallachta ag forbróir agus tráth an chinnidh chríochnaithigh ón údarás pleanála nó ón mBord Pleanála..."*

21. Dá bhrí sin, nó próiseas statach é an próiseas MTT agus, i measc a cuid cuspóirí, áirítear aighneachtaí agus tuairimí a fháil ó dhaoine den phobal lena mbaineann maidir le tionchar timpeallachta na forbartha atá beartaithe.

22. De réir mar is léir sna ráitis fianaise a chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe i láthair ag an éisteacht ó bhéal, thug sí aird ar na haighneachtaí a rinneadh le linn an phróisis iarratais agus, ar ndóigh, breithneoidh an Bord na haighneachtaí a rinne gach páirtí ar leith ag an éisteacht ó bhéal, a rinne daoine den phobal i gcoitinne agus a rinne daoine den phobal lena mbaineann le linn dó breithniú a dhéanamh ar an iarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú.

23. De bhun fhorálacha alt 51(5)(c) d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, ceanglaítear ar an mBord, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an TMTT, ar an bhfaisnéis bhreise a tugadh mar fhreagra ar an iarraidh ón mBord, ar na haighneachtaí a rinneadh i ndáil le héifeachtaí dóchúla na forbartha beartaithe ar an timpeallacht, agus ar thuarascáil an Chigire agus ar aon mholtaí atá ann sa tuarascáil sin, "*teacht ar chonclúid réasúnaithe maidir le héifeachtaí suntasacha na forbartha bóthair beartaithe ar an timpeallacht*".

*24.* I gcomhthéacs an MTT atá le déanamh ag an mBord ar an iarratas ar cheadú na forbartha beartaithe bóthair, tugtar faoi deara go bhfuil dlínse ag an mBord breithniú a dhéanamh ar mhodhnuithe ar fhorbairt bhóthair bheartaithe de bhun fho-alt 51(6). Go deimhin cumhachtaítear go sainráite

don Bhord *"forbairt bhóthair bheartaithe a cheadú, fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta ... a mheasann sé a bheith cuí…."*

25. Dá réir sin, is léir go bhfuil dlínse ag an mBord modhnú a dhéanamh ar an bhforbairt bhóthair bheartaithe, cibé acu arna iarraidh sin ag an údarás pleanála nó ar shlí eile. I dtaca leis sin de, de réir mar a daingníodh ar an gcéad lá den éisteacht ó bhéal a thionóil an Bord, tá moladh déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun modhnú a dhéanamh ar an bhforbairt bhóthair bheartaithe agus iarrann sí ar an mBord an fhorbairt bhóthair bheartaithe, lena n-áirítear an modhnú beartaithe ar Nascbhóthar na Páirce Móire mar atá sainaitheanta ar an líníocht dar teideal "Proposed Road Development Plan City East Junction Sheet 14 of 15, Drawing No. 5.1.14, Issue I2", dar dáta an 17 Feabhra 2020, a cheadú. Tá measúnacht ar an modhnú beartaithe seo déanta ag na saineolaithe iomchuí go léir agus tá an mheasúnacht sin leagtha amach sna mionteagaisc fianaise éagsúla.

26. Tá sé tábhachtach a rá go ndearnadh an fhaisnéis faoin modhnú ar Nascbhóthar na Páirce Móire a thíolacadh ag an éisteacht ó bhéal chun a chumasú don Bhord MTT a dhéanamh ar gach gné den tionscadal.

27. Daingníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil conradh ceangailteach déanta aici maidir le ceannach na dtailte tríú páirtí atá ag teastáil le haghaidh an mhodhnaithe bheartaithe agus tá sleachta as an gConradh sin agus mapa an Chonartha curtha i gceangal leis seo mar fhianaise ar chonradh ceangailteach.

## C. MEASÚNACHTAÍ FAOIN TREOIR MAIDIR LE GNÁTHÓGA

28. Tar éis scagadh a dhéanamh, chinn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil gá le Measúnacht Chuí ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ós rud é nach féidir í a eisiamh ar bhonn faisnéis oibiachtúil eolaíochta agus i bhfianaise chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ina n-aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile agus go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt ar cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

29. Dá réir sin, le linn don Bhord breithniú a dhéanamh ar an iarratas a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe air faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, tá sé de cheangal air, sula ndeonaítear aon cheadú a dheonú i leith na forbartha bóthair beartaithe, Measúnacht Chuí a dhéanamh de bhun Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CE ("**an Treoir maidir le Gnáthóga**") agus de bhun fhorálacha Chuid XAB d'Acht 2000,[3] a bhfuil breithniú déanta roinnt uaireanta ag CBAE agus ag cúirteanna na hÉireann.

30. In aighneachtaí/agóidí S_058; Ob_451_489; S_006 agus S_010, ardaíodh ceist faoi chomhlíonadh fhorálacha na Treorach maidir le Gnáthóga agus faoi bhreithiúnais de chuid CBAE i ndáil le Measúnacht Chuí. Go háirithe, maítear nach féidir ceadú a dheonú le haghaidh na forbartha bóthair beartaithe ag féachaint do chinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i gCás C-258/11 *Sweetman v An Bord Pleanála*, i gCás C-164/17 *Grace and Sweetman v An Bord Pleanála* agus i gCás C-461/17 *Holohan v An Bord Pleanála*.

31. Le linn an cheist seo a bhreithniú, is ceart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, gurb amhlaidh, d'ainneoin ar fhoráil eile d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, nach ndéanfaidh an Bord (ina cháil mar údarás inniúil) toiliú le forbairt bhóthair bheartaithe ach amháin tar éis dó a chinneadh nach ndéanfar an fhorbairt bheartaithe difear dochrach do shláine láithreáin Eorpaigh.

32. Ar an dara dul síos, is léir go samhlaítear próiseas dhá chéim in Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga: Scagadh Chéim a hAon agus Measúnacht Chuí Chéim a Dó. Sa chás seo, chinn Comhairle Chontae na Gaillimhe, ina cáil mar údarás inniúil ag céim an scagtha, nach bhféadfaí éifeachtaí suntasacha a chur as an áireamh. Dá réir sin, thíolaic Comhairle Chontae na Gaillimhe Ráiteas Tionchair Natura ("**RTN**") in éineacht leis an iarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, d'fhonn eolas a chur ar fáil le haghaidh Mheasúnacht Chuí Chéim a Dó a bheadh le dhéanamh ag an mBord Pleanála i ndáil leis an iarratas ar thoiliú le forbairt.

---

[3] Is é atá sa sainmhíniú ar "forbairt bheartaithe", in ailt 177R agus 177U d'Acht 2000, ná forbairt ina n-áirítear forbairt faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú.

33. Ar an tríú dul síos, i gcomhthéacs Mheasúnacht Chuí Chéim a Dó, a cheanglaítear faoi alt 177V, agus i gcodarsnacht le measúnacht tionchair timpeallachta, chinn an Ard-Chúirt in *(Ted) Kelly v. An Bord Pleanála* [2014] I.E.H.C 400,[4] tar éis breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar phríomhbhreithiúnais CBAE:

> *.... go bhfuil oibleagáid ar an mBord, le linn measúnacht chuí a dhéanamh faoi Airteagal 6(3) agus faoi alt 177V, mar chuid den mheasúnacht sin, breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe difear dochrach do shláine an láithreáin Eorpaigh iomchuí nó na láithreán Eorpach iomchuí i bhfianaise na gcuspóirí caomhantais atá i gceist. Is tríd an mbreith a thugann a dhéanann an Bord faoin gceist sin sa mheasúnacht chuí a chinntear a dhlínse i leith an cinneadh pleanála a dhéanamh. Mura rud é gurb é atá sa bhreith i leith na measúnachta cuí ná nach ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe difear dochrach do shláine aon láithreáin Eorpaigh iomchuí, ní fhéadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh lena dtugtar toiliú leis an bhforbairt bheartaithe... Dá bhrí sin, chun críocha na n-achomharc seo, bhí cosc ar an mBord toiliú leis an bhforbairt bheartaithe a dheonú mura rud é, tar éis measúnacht chuí a dhéanamh de réir Airteagal 6(3), arna fhorléiriú ag CBAE, gur tháinig sé ar bhreith á rá nach ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe difear dochrach do shláine an láithreáin Eorpaigh.*

34. Foráiltear mar a leanas le fo-alt 177V(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú:

> *Beidh i measúnacht chuí arna déanamh faoin gCuid seo breith ag údarás inniúil faoi Airteagal 6.3 den Treoir um Ghnáthóga i dtaobh cibé acu a rachadh ... forbairt bheartaithe chun dochair do shláine láithreáin Eorpaigh.*

35. De bhun fhorálacha fho-alt 177V(1), le go mbeidh an bhreith atá le tabhairt ag an mBord mar chuid den mheasúnacht chuí i gcomhréir le ceanglais Airteagal 6(3), ní mór go mbeidh an mheasúnacht chuí ina hiomláine i gcomhréir leis na ceanglais sin de chuid na Treorach maidir le Gnáthóga de réir mar atá forléirithe ag CBAE.

*36.* Ina theannta sin, ceanglaítear go sainráite le fo-alt 177V(1) go ndéanfar an mheasúnacht chuí sula dtugtar toiliú le haghaidh forbairt bheartaithe. Chomh maith leis sin, foráiltear le fo-alt 177V(3) gurb amhlaidh, d'ainneoin aon fhorála eile d'Acht 2000, nó dAcht na mBóithre 1993 (arna leasú), *"ní thabharfaidh sé [an Bord] toiliú le haghaidh forbartha beartaithe ach amháin tar éis dó breith a thabhairt nach rachaidh ... an fhorbairt bheartaithe chun dochair do shláine*

[4] Rinne an Chúirt Uachtarach cinneadh na hArd-Chúirte *(Ted) Kelly v. An Bord Pleanála* a cheadú le déanaí in *Connelly v. An Bord Pleanála* [2018] 2 I.L.R.M. 453

*láithreáin Eorpaigh.* Arís, ní mór an bhreith sin a thabhairt sula dtugtar toiliú le haghaidh forbairt bheartaithe.[5]

37. In *Connelly v. An Bord Pleanála* [2018] 2 I.L.R.M. 453, tar éis breithniú a dhéanamh ar na breithiúnais iomchuí a bhí tugtha ag cúirteanna na hEorpa agus na hÉireann i ndáil le cineál na Measúnachta Cuí atá le déanamh faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga agus faoi reachtaíocht na hÉireann, chinn Clarke C.J. Mar a leanas:

> *Léiríonn an anailís in Kelly go bhfuil ceithre cheanglas shainiúla ann nach mór iad a chomhlíonadh le go mbeidh cinneadh bailí MC ann, rud atá ina réamhchoinníoll riachtanach le haghaidh toiliú pleanála i gcás ina bhfuil gá le MC. Is é atá sa chéad réamhchoinníoll ná nach mór go ndéantar gach gné den tionscadal forbartha ar féidir leo, ina n-aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, difear a dhéanamh don láithreán Eorpach i bhfianaise a chuspóirí caomhantais, a shainaithint san MC i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr atá ann sa réimse lena mbaineann. Is é atá sa dara réamhchoinníoll ná nach mór fionnachtana agus conclúidí iomlána, beachta, cinntitheacha a bheith ann maidir le héifeachtaí ionchasacha ar aon láithreán Eorpach iomchuí, ar fionnachtana agus conclúidí iad a sainaithníodh roimhe sin. Is é atá sa tríú réamhchoinníoll ná nach mór go mbeidh an Bord in ann a chinneadh, ar bhonn na bhfionnachtana agus na gconclúidí sin, nach ann d'aon amhras eolaíochta a léiríonn go bhfuil na héifeachtaí ionchasacha sainaitheanta ann fós. Is é atá sa cheathrú réamhchoinníoll ná go bhféadfaidh an Bord, i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais sin roimhe seo, a chinneadh nach ndéanfaidh an fhorbairt difear dochrach do shláine aon láithreáin Eorpaigh iomchuí.*

38. Thairis sin, agus mar atá luaite go háirithe in *Connelly*, tá oibleagáid ar an mBord cúiseanna a thabhairt leis an mbreith a thugtar faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga i dtaobh an ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe difear dochrach do shláine láithreáin Eorpaigh. Sa chomhthéacs sin, thug an Chúirt Uachtarach dá haire go bhfuil dhá chéim éagsúla ann sa phróiseas, le fírinne, agus nach mór iad a sheoladh in ord cuí. Ní mór Measúnacht Chuí a bheith ann ar dtús agus ní mór cinneadh cuí a dhéanamh mar thoradh ar an Measúnacht Chuí le go mbeidh dlínse ag an mBord chun toiliú a dheonú. Dá éis sin, má ghlactar leis go bhfuil dlínse ag an mBord, féadfaidh an Bord leanúint ar aghaidh chun breithniú a dhéanamh i dtaobh an ceart dó, sna himthosca go léir, ceadú a dheonú iarbhír agus, más amhlaidh an cás, i dtaobh na gcoinníollacha a chuirfear ag gabháil leis an deonú sin.

---

5 Tá breith den sórt sin i gcomhréir leis an gcur chuige maidir le cur i bhfeidhm cheanglais Airteagal 6(3) de réir mar atá leagtha amach ag C.B.A.E. in *Sweetman.*

39. Le linn Measúnacht Chuí Chéim a Dó a dhéanamh mar a cheanglaítear faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga agus faoi Chuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú), tá sé de bhuntáiste ag an mBord go bhfuil RTN ann, rud a tíolactar in éineacht leis an iarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, mar aon le freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise, rud a chuirtear faoi bhráid an Bhoird.

40. Ar ndóigh, de bhreis ar bhreithniú a dhéanamh ar na ráitis fianaise a sheachadtar thar ceann an Iarratasóra, déanfaidh an Bord breithniú ar na haighneachtaí a dhéanann na páirtithe go léir ag an éisteacht ó bhéal, a dhéanann daoine den phobal agus a dhéanann daoine den phobal lena mbaineann.

41. Mar atá ráite i roinn 13 (leathanach 421) den RTN, is féidir teacht ar an gconclúid, i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr dá bhfuil ann, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, agus ag féachaint do chuspóirí caomhantais na láithreán, go gcumasaítear don Bhord a chinneadh nach ndéanfaidh Cuarbhóthar N6 beartaithe Chathair na Gaillimhe difear dochrach do shláine aon láithreáin Eorpaigh. Mar atá leagtha amach san RTN, áitítear nach bhfuil aon amhras réasúnach ann i ndáil leis an gconclúid sin.

42. Ábhar docht atá ann i gcás an MC a thíolaic Comhairle Chontae na Gaillimhe san RTN, i gcás na faisnéise breise a tíolacadh mar fhreagra ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise agus a tugadh ag an éisteacht ó bhéal.

43. Dá réir sin, le linn Measúnacht Chuí Chéim a Dó a cheanglaítear faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga agus faoi alt 177 den Acht um Pleanáil agus Forbairt a dhéanamh, tá sé de chumas ag an mBord an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (a) gach gné den tionscadal forbartha ar féidir leo, ina n-aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, difear a dhéanamh don láithreán Eorpach i bhfianaise a chuspóirí caomhantais, a shainaithint i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr atá ann sa réimse lena mbaineann;
    (b) fionnachtana agus conclúidí iomlána, beachta, cinntitheacha a dhéanamh; agus
    (c) a chinneadh nach ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe difear dochrach do shláine aon láithreáin Eorpaigh iomchuí i gcás nach ann d'aon amhras eolaíochta a léiríonn go bhfuil na héifeachtaí ionchasacha sainaitheanta ann fós.

44. De bhun fhorálacha fho-alt 51(10), le linn MTT a dhéanamh ar an bhforbairt bhóthair bheartaithe, déanfaidh an Bord an MRR a chomhordú le haon mheasúnacht ar an bhforbairt bheartaithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga.

45. Ar deireadh, i gcomhthéacs na Measúnachta Cuí atá le déanamh ag an mBord ar an iarratas ar cheadú na forbartha bóthair beartaithe faoi alt 51

d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, luaitear arís go bhfuil dlínse ag an mBord breithniú a dhéanamh ar mhodhnuithe ar fhorbairt bhóthair bheartaithe de bhun fho-alt 51(6), ach sin faoi réir coinníollacha timpeallachta de réir mar a mheastar is cuí. Rinneadh faisnéis faoin modhnú ar an bhforbairt bhóthair bheartaithe a thíolacadh ag an éisteacht ó bhéal chun a chumasú don Bhord Measúnacht Chuí Chéim a Dó a dhéanamh ar an tionscadal.

46. Ag féachaint don mhéid sin roimhe seo, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gceanglaítear ar an mBord, d'ainneoin na Breithe Scagtha MC a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar chéad chéim, Scagadh Chéim a hAon a dhéanamh le haghaidh MC.

47. I mbreithiúnas a rinneadh le fíordheireanas, is é sin, *Sweetman v. An Bord Pleanála* [2020] I.E.H.C. 39 (a bhain le dúshlán i leith an chinnidh a rinne an Bord Pleanála chun cead a dheonú chun forbairt a dhéanamh ar fheirm ghrianfhuinnimh sna Feadáin, Ballyhea, Contae Chorcaí), thug McDonald J. Achoimre ar na prionsabail iomchuí nach mór d'údarás inniúil iad a bhreithniú le linn Measúnacht Scagtha Chéim a hAon a dhéanamh:

*(a)* *le linn beart scagtha a dhéanamh, ní mór prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm;*

*(b)* *ní mór Measúnacht Chuí Chéim a Dó a dhéanamh más rud é, tar éis beart scagtha a dhéanamh, nach féidir an riosca go mbeidh éifeacht shuntasach ag forbairt bheartaithe ar láithreán Natura a chur as an áireamh;*

*(c)* *is é atá sa tráth cuí chun breithniú a dhéanamh ar bhearta ar féidir leo aon éifeachtaí suntasacha ar an láithreán lena mbaineann a sheachaint nó a laghdú ná tráth Mheasúnacht Chuí Chéim a Dó nuair is féidir anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na bearta sin agus nuair is féidir teacht ar bhreith i dtaobh an mbeidh, nó nach mbeidh, na bearta sin éifeachtach;*

*(d)* *trí aird a thabhairt ar bhearta den sórt sin ag Céim an Scagtha, tá an baol ann go mbainfear an bonn de na cosaintí a thugtar leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Má thugtar aird ar na bearta ag Céim an Scagtha tá baol ann go seachnófaí Measúnacht Chuí Chéim a Dó ar coimirce riachtanach í faoin Treoir maidir le Gnáthóga;*

*(e)* *dá réir sin, ceadaítear aird a thabhairt, ag an gCéim Scagtha, ar bhearta atá ceaptha chun éifeachtaí díobhálacha ar fhorbairt bheartaithe a sheachaint nó a laghdú;*

*(f)* *tá measúnacht oibiachtúil le déanamh ar an gceist i dtaobh cad atá beartaithe leis na bearta lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní caint chinntitheach í an chaint a úsáidtear in aon doiciméad a ghintear le linn an bhirt scagtha;*

*(g)* *os a choinne sin, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann arb amhlaidh ina leith, ag féachaint don chaint a úsáidtear, gur léir gur ceapadh na bearta atá i dtrácht chun aon tionchar ar an láithreán iomchuí a sheachaint agus a laghdú. De réir mar a luaigh Simons J. In Heather*

*Hill, sin an rud a tharla in 'People over Wind' ina ndearnadh na bearta lena mbaineann a thuairisciú go sainráite mar "bearta cosantacha" i dtaca leis an láithreán iomchuí de;*

*(h) os a choinne sin, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar léir nár glacadh na bearta lena mbaineann ar mhaithe leis an tionchar ionchasach ar an láithreán iomchuí a sheachaint nó a laghdú ach gur glacadh iad d'aon toisc agus go heisiach ar mhaithe le cuspóir éigin eile. Sampla de sin is ea an cinneadh a thug Barniville J. In Kelly agus ina bhfuarthas, mar ábhar fíorais, go raibh na bearta iomchuí ina gcomhpháirt chaighdeánach i mbeagnach gach tionscadal; ní raibh siad dírithe, ar aon slí, ar chosaint aon láithreáin Natura;*

*(i) os a choinne sin, i gcás ina bhféadfadh sé nach bhfuil aon bhaint ag ceann amháin de chuspóirí na mbeart lena mbaineann le láithreán Natura agus a rá nach bhfuil féidearthacht ann go bhféadfadh níos mó ná cuspóir amháin a bheith ann i leith na mbeart. I gcásanna ina sainaithnítear cuspóir neamhbhainteach den sórt sin, is gá, dá bhrí sin, breithniú a dhéanamh i dtaobh an raibh na bearta ceaptha freisin, mar ábhar fíorais, chun tionchar na forbartha ar an láithreán Natura a sheachaint nó a laghdú.*

*(j) Agus an méid sin ráite, níl sé dlisteanach oibriú go cúlghabhálach ón tráth a bhfuil bearta den sórt sin ar marthain ná glacadh leis, ón tráth a dtagann siad chun bheith ar marthain, nach mór, cheal bearta den sórt sin, gur dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar an láithreán iomchuí. De réir mar a luaigh Simons J. In Heather Hill, ní mór cur i gcoinne aon chathaithe chun an méid sin a dhéanamh;*

*(k) Le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh an dtagann bearta salach ar phrionsabal 'People over Wind', níl sé cuiditheach, go hiondúil, breithniú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an beart ina "beart dílis" i leith an tionscadail nó an rud "breise" é. Is amhlaidh an scéal ós rud é go bhféadfadh sé a bheith deacair, go praiticiúil, fíor-idirdhealú a dhéanamh idir an dá ní sin. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh forbróir ag súil le gá le bearta maolúcháin ar leith agus go ndéanfaidh sé/sí socrú maidir leis na bearta sin a chur san áireamh sa tionscadal; agus*

*(l) i ngach cás, tá sé riachtanach anailís a dhéanamh ar na bearta lena mbaineann i gcomhthéacs an Bhirt Scagtha a dhéanann an t-údarás inniúil (i gcomhthéacs aon doiciméad a bhaineann leis an mbeart sin) agus cinneadh a dhéanamh, ar bhonn oibiachtúil ar fad, i dtaobh an féidir a rá gur ceapadh na bearta chun éifeachtaí díobhálacha ar láithreán Natura a sheachaint nó a laghdú nó ar ceapadh na bearta d'aon toisc ar mhaithe le cuspóir éigin eile."*

48. Tá sé riachtanach go gcuirfidh an Bord na prionsabail sin i bhfeidhm - nó go ndéanfaidh sé cibé líon de na prionsabail atá ábhartha a chur i bhfeidhm - maidir le himthosca áirithe an iarratais ar cheadú na forbartha bóthair beartaithe.

49. Tar éis Measúnacht Scagtha Chéim a hAon a dhéanamh, má chinneann an Bord (de réir mar a rinne Chomhairle Chontae na Gaillimhe) nach bhfuil sé indéanta an riosca go mbeidh éifeacht shuntasach ar láithreán Natura a eisiamh, ansin ní mór don Bhord Measúnacht Chuí Chéim a Dó a dhéanamh.

50. Mar atá leagtha amach thuas, rinne an Chúirt Uachtarach, in *Connelly v. An Bord Pleanála*, achoimre a chur ar fáil ar na príomhcheanglais nach mór iad a chomhlíonadh le go mbeidh breith bhailí MC ann:

*(a)* *ní mór go ndéantar gach gné den tionscadal forbartha ar féidir leo, ina n-aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, difear a dhéanamh don láithreán Eorpach i bhfianaise a chuspóirí caomhantais, a shainaithint san MC i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr atá ann sa réimse lena mbaineann;*

*(b)* *ní mór fionnachtana agus conclúidí iomlána, beachta, cinntitheacha a bheith ann maidir le héifeachtaí ionchasacha ar aon láithreán Eorpach iomchuí, ar fionnachtana agus conclúidí iad a sainaithníodh roimhe sin;*

*(c)* *ní mór go mbeidh an Bord in ann a chinneadh, ar bhonn na bhfionnachtana agus na gconclúidí sin, nach ann d'aon amhras eolaíochta a léiríonn go bhfuil na héifeachtaí ionchasacha sainaitheanta ann fós; agus*

*(d)* *i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais sin roimhe seo, cumasaítear don Bhord a chinneadh nach ndéanfaidh an fhorbairt difear dochrach do shláine aon láithreáin Eorpaigh iomchuí."*

51. Áitítear go gcumasaítear don Bhord, tar éis a mheasúnacht a dhéanamh, cinneadh a dhéanamh nach ndéanfaidh an fhorbairt bheartaithe difear dochrach d'aon láithreán Eorpach iomchuí agus, dá éis sin, leanúint ar aghaidh chun ceadú a dheonú le haghaidh na forbartha bóthair beartaithe.

## E. AGÓIDÍ IN AGHAIDH NA SCÉIMEANNA BÓTHAIR CHOSANTA & MÓTARBHEALAIGH

52. Tá mionsonraí faoi bhrí na n-agóidí (i) in aghaidh Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus (ii) in aghaidh Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus in aghaidh tailte agus leasanna a fháil go héigeantach faoi na scéimeanna sin, mar aon le freagra Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar gach agóid ar leith leagtha amach i ndoiciméid a cuireadh faoi bhráid an Bhoird. Baineann Modúl 3 den éisteacht ó bhéal atá á thionól ag an mBord Pleanála le ceadú a thabhairt faoi Alt 49 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) (i) le haghaidh na Scéime Bóthair Chosanta agus (ii) le haghaidh na Scéime Mótarbhealaigh faoi seach, ar scéimeanna iad atá déanta ag Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

53. Má cheadaítear iad, údaróidh (i) an Scéim Bhóthair Chosanta agus (ii) an Scéim Mhótarbhealaigh faoi seach do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, *inter alia*, an talamh nó fo-stratam na talún agus na cearta i ndáil le talamh a fháil go héigeantach agus aon chearta slí poiblí nó aon chearta slí príobháideacha, mar a thuairiscítear sna sceidil a ghabhann leis an Scéim Bhóthair Chosanta agus leis an Scéim Mhótarbhealaigh a mhúchadh. Tá na tailte agus na leasanna i dtailte a bheartaítear a fháil ar taispeáint ar na Mapaí a taisceadh, agus iad daite, agus déantar plásáin ar leithligh a shainaithint ar na Mapaí a Taisceadh agus tá tuairisc gach úinéara/úinéara ainme, gach léasaí nó léasaí ainme, agus gach áititheora liostaithe sna sceidil éagsúla a ghabhann (i) leis an Scéim Mhótarbhealaigh agus (ii) leis an Scéim Bhóthair Chosanta.

54. Fógraíodh déanamh (i) na Scéime Bóthair Chosanta agus (ii) na Scéime Mótarbhealaigh i bhfógra a foilsíodh i dtrí nuachtán a scaiptear i gceantar na dtailte a mbeartaítear iad a fháil go héigeantach, is é sin le rá (i) san *Irish Independent* agus (ii) sa *Galway Advertiser*, ar an 25 Deireadh Fómhair 2018 agus (iii) sa *Connaught Tribune*, ar an 26 Deireadh Fómhair (cé go raibh an nuachtán sin i gcúrsaíocht ar an 25 Deireadh Fómhair 2018). De bhreis air sin, cuireadh in iúl do gach duine ar le de na húinéirí (nó de na húinéirí ainme), de na léasaithe (nó de na léasaithe ainme) agus de na háititheoirí go ndearnadh an Scéim Bhóthair Chosanta agus an Scéim Mhótarbhealaigh, faoi seach, agus tugadh fógra dóibh faoin bpróiseas ar dá réir a d'fhéadfaí agóidí/aighneachtaí a sholáthar don Bhord.

55. Ar an 18 Feabhra 2020, le linn na héisteachta ó bhéal, daingníodh go raibh OÉG agus *Boston Scientific Limited* tar éis a n-agóidí/n-aighneachtaí, mar a chuireadh faoi bhráid an Bhoird iad, a tharraingt siar.

56. Maidir leis na hagóidí-haighneachtaí i leith *Boston Scientific Limited*, ós rud é go mbeartaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe modhnú a dhéanamh trína seachnófaí an gá le tailte faoina n-úinéireacht a fháil, rud a fhágann go gceadódh an Bord Scéim Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe ar an mbonn

go ndéanfaí na plásáin sin a eisiamh ó na sceidil a ghabhann le Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. A mhéid a bhaineann le OÉG, mar thoradh ar athruithe ar an straitéis mhaolúcháin déanfar plásáin áirithe a bhí le fáil i gcomhair na straitéise maolúcháin i leith Fhaiche 9 a thógáil amach as Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018.

57. Sna himthosca sin, áitítear nach gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'ardaigh úinéirí na bplásán sin i gcás ina bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord na plásáin sin a thógáil amach as na sceidil nuair a bheidh Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 á ceadú.

58. Maidir le brí na n-agóidí go léir eile, mar aon le freagra Chomhairle Chontae na Gaillimhe orthu, tá mionsonraí ina leith sin le fáil sna ráitis fianaise a seachadadh thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag an éisteacht ó bhéal.

59. Tá foráil ghinearálta maidir fáil éigeantach talún ann in alt 47 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus tá feidhm ag an bhforáil sin (i) maidir le scéim bhóthair chosanta agus (ii) maidir le scéim mhótarbhealaigh agus, de bhun an dá scéim, féadfaidh údarás bóithre an méid seo a leanas, *inter alia*, a fháil:

(a) aon talamh nó aon fho-stratam talún;
(b) aon chearta i ndáil le talamh;
(c) aon chearta slí poiblí agus príobháideacha a bheartaítear a mhúchadh.

60. Ina theannta sin, foráiltear mar a leanas le halt 47(2)(c) d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú):

> *Áireofar sa talamh nó san fho-stratam talún ... agus sna cearta i ndáil le talamh ... an talamh agus na cearta go léir i ndáil le talamh is gá chun mótarbhealach ... nó bóthar cosanta a dhéanamh nó a chothabháil, nó a ghabhann leis an gcéanna, agus an talamh, an fo-stratam talún nó na cearta go léir i ndáil le talamh a bheidh ag teastáil le haghaidh bóithre rochtana, rampaí ...*

61. Foráiltear le halt 52 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, gurb amhlaidh, aon uair a cheadaítear Scéim Mhótarbhealaigh nó Scéim Bhóthair Chosanta (fara nó d'éagmais modhnuithe) faoi alt 49[6], go mbeidh an t-údarás bóithre údaraithe air sin chun aon talamh nó aon fho-stratam talún nó aon chearta i ndáil le talamh a shonraítear i scéim den sórt sin, arna ceadú, a fháil go héigeantach agus, chun na críche sin, beidh an éifeacht chéanna ag scéim mhótarbhealaigh cheadaithe agus ag scéim cheadaithe bhóthair chosanta

6 De bhun fho-alt 214(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, rinneadh na feidhmeanna a thugtar don Aire i ndáil le talamh a fháil go héigeantach ag údarás áitiúil faoi Acht na mBóithre a aistriú chuig an mBord agus a dhílsiú dó.

leis an éifeacht atá ag ordú ceannaigh éigeantaigh a dhéantar i leith na talún sin, an fho-strataim talún sin nó aon chearta i ndáil leis an talamh.

62. Dá bhrí sin, de bhun fhorálacha ailt 47 agus 52 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, féadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, ina cáil mar údarás bóithre, talamh, fo-stratam talún agus cearta i ndáil le talamh a fháil agus, dá réir sin, tá foráil ann maidir le cumhacht ceannaigh éigeantaigh.

63. Is léir ó alt 213 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), a bhfuil a chuid forálacha infheidhme maidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe, ina cáil mar údarás áitiúil, go bhféadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, chun aon cheann dá cuid feidhmeanna a chomhlíonadh, talamh nó cearta i ndáil le talamh a fháil trí chomhaontú.

64. Cé nach ábhar é atá le breithniú ag an mBord le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gceadóidh sé, nó nach gceadóidh sé, (i) Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus (ii) Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, tá cúiteamh iníoctha ar an modh céanna a bhaineann le fáil talún faoi Acht na dTithe 1966 (arna leasú) agus déantar éileamh ar chúiteamh a chinneadh trí eadráin, cheal comhaontú.

65. De bhreis ar na bearta fála éigeantaí atá beartaithe (ar bearta iad a thagann faoi réim chumhachtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe), ní mó na bearta fála sin a bheith comhréireach. I dtaca leis sin de, tá sé suite ag na cúirteanna nach mór an chumhacht a thugtar chun talamh a fháil go héigeantach a fheidhmiú de réir cheanglais an Bhunreachta, lena n-áirítear cearta maoine an úinéara talún dá ndéantar difear a urramú: *East Donegal Co-Operative Livestock Mart Ltd. v. Attorney General* [1970] I.R. 317 agus *O'Brien v. Bord na Móna* [1983] I.R. 255. Daingníodh in *Clinton v. An Bord Pleanála (No.2)* [2007] 2 I.L.R.M. 81 nach mór a chinntiú, i dtaca leis na nósanna le linn éisteacht ó bhéal a bhaineann le ceannach éigeantach, go n-urramaíonn na nósanna imeachta sin na prionsabail sin. Ní mór gur deimhin leis an údarás daingniúcháin gur léir, i gcomhréir le leas an phobail, go bhfuil údar le fáil na maoine.

66. I dtaca leis sin de, tugtar faoi deara gur maíodh in agóid/aighneacht OÉG (a tarraingíodh siar anois) gurb amhlaidh *"nach dtugtar aird in CB N6 CG, mar atá beartaithe, ar chearta na hOllscoile mar leagtar síos iad in Airteagal 44.2.6 de Bhunreacht na hÉireann, nó nach gcuirtear na cearta sin san áireamh in CB N6 CG".* Mar fhreagra air sin, admhaítear go bhfuil srian bunreachtúil ar thailte a fháil go héigeantach ó institiúidí crábhaidh agus oideachais. Seo a leanas Airteagal 44.2.6° den Bhunreacht:

> *"Ní cead maoin aicme creidimh ná aon fhundúireachtaí oideachais a bhaint díobh ach amháin le haghaidh oibreacha riachtanacha chun áise poiblí, agus sin tar éis cúiteamh a íoc leo."*

67. Dá réir sin, ní srian iomlán an srian ar mhaoin institiúide oideachais a fháil'': seachas sin, is léir ó fhorálacha Airteagal 44.2.6 go bhféadfar fáil den sórt sin a shaothrú más rud é (i) go bhfuil gá leis na hoibre 'chun áise poiblí' agus (ii) go n-íoctar cúiteamh.

68. Maidir le "*oibreacha chun áise poiblí*" seo a leanas tuairim údair *Compulsory Purchase Law in Ireland* (2ú heagrán):

> *"As na hoibreacha éagsúla a chuireann údaráis áitiúla ar fáil, is léir go mbaineann an pobal leas as roinnt acu - cosúil le bóithre, droichid agus spásanna oscailte poiblí sa mhéid is go bhfuil gach duine den phobal in ann iad a úsáid."*

69. Ina theannta sin, de réir mar atá leagtha amach thuas, tá cúiteamh iníoctha i leith talamh a shonraítear i Scéim Mhótarbhealaigh a fháil go héigeantach. Dá réir sin, tá an dá choinníoll lena n-údaraítear tailte atá faoi úinéireacht institiúide oideachais comhlíonta.

70. Fuarthas dhá agóid (Ob_713 agus Ob 691_713) ina maítear nach féidir cumhacht na fála éigeantaí a úsáid chun tailte atá suite soir ó thuaidh ón Ráschúrsa a fháil go buan, ar tailte iad atá n-áitiú faoi láthair ag *Brooks Timber and Building Supplies Ltd* agus ar tailte iad a bhfuil sé beartaithe stáblaí ionaid a thógáil chun maolú a dhéanamh ar thionchar na forbartha bóthair beartaithe ar an Ráschúrsa.

71. Faoi alt 47(2) d'Acht na mBóithre, arna leasú, is féidir talamh a fháil go héigeantach de bhun scéim mhótarbhealaigh nó scéim bhóthair chosanta más rud é go bhfuil gá leis an talamh sin "chun críocha" na scéime agus áiríonn sé sin "talamh is gá chun [an fhorbairt bhóthair bheartaithe] a dhéanamh nó a chothabháil, nó a ghabhann leis an gcéanna". I dtaca leis sin de, is léir ó úsáid an cónasc deighilteach "nó" gur leor a thaispeáint go bhfuil an talamh atá le fáil riachtanach don scéim nó go bhfuil an talamh sin teagmhasach i leith na scéime. Is léir gurb é atá i dtalamh a bhfuil gá léi chun maolú a dhéanamh ar thionchair scéime beartaithe ná talamh a bhfuil a fáil teagmhasach i leith na scéime. I dtaca leis sin de, is ceart a thabhairt faoi deara gur minic a fhaightear talamh go héigeantach chun maolú a dhéanamh ar thionchair forbartha bóthair beartaithe.

72. Tá an gá le fáil na dtailte lena mbaineann leagtha amach sna ráitis fianaise ó Eileen McCarthy agus ó Michael Sadlier. Léiríonn an fhianaise sin gur gá na tailte sin a fháil agus gur cinnte go bhfuil a bhfáil teagmhasach i leith na Scéime Mótarbhealaigh. Ina chuid fianaise, thug an tUas. Sadlier míniú i dtaobh cén fáth gurb é tógáil na stáblaí ionaid sa suíomh lena mbaineann an t-aon rogha inmharthana amháin chun maolú éifeachtach a dhéanamh ar an tionchar a imreofar ar oibriú leanúnach an Ráschúrsa mar thoradh ar thógáil an tolláin agus ar chruthú maoláin/sriain ar gach taobh den tollán.

73. Tá roinnt agóidí eile ann in aghaidh na Scéime Mótarbhealaí agus na Scéime Bóthair Chosanta, ar agóidí iad ina maítear go bhfuil fáil tailte áirithe nó leasanna áirithe i dtalamh díréireach nó nach bhfuil gá léi.

74. A mhéid a bhaineann leis sin, i measc na n-iarmhairtí a bheidh ag an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003 ar dhaingniú orduithe fála éigeantaí, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar an mBord tástáil chomhréireachta a chur i bhfeidhm. De réir údar *Planning and Development Law* (2ú heagrán), tástáil dhá chéim a bheidh i gceist leis an tástáil chomhréireachta. Go háirithe, dealraíonn sé go bhfuil idirdhealú le déanamh idir comhréireacht mhodha agus comhréireacht cuspóra. De réir comhréireacht mhodha, is gá breithniú a dhéanamh i dtaobh an bhféadfar an cuspóir a bhaint amach ar mhodh nach gcuireann isteach an oiread céanna ar chearta pearsan aonair. Is cosúil go mbaineann sé sin le breithniú a dhéanamh ar chumhachtaí malartacha reachtúla a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ag an gcinnteoir. Os a choinne sin, de réir comhréireacht cuspóra, is gá breithniú a dhéanamh i dtaobh an mbeidh éifeacht iomarcach nó éifeacht dhíréireach ag an mbeart ar leasanna daoine dá ndéantar difear.

75. In *Blascaod Mór Teo v. Commissioners of Public Works (No.3)*, d'áitigh Budd J. go bhfuil nasc idir 'de réir mar a bheas riachtanach ... d'fhonn an t-oibriú sin agus leas an phobail a thabhairt dá chéile' (in Airteagal 43.2.2° den Bhunreacht) agus teoiric na comhréireachta nuair a dúirt sé an méid seo a leanas:

> *"Gabhann fochiall leis an abairt 'de réir mar a bheas riachtanach' sa mhéid go bhfuil sí níos forleithne ná 'fónta', 'réasúnach nó 'inmhianaithe', ciallaíonn sí go bhfuil riachtanas ann agus tugtar le fios léi go bhfuil géarghá sóisialta ann."*

76. Dá réir sin, le linn na tástála comhréireachta a chur i bhfeidhm, áitítear gur chinntigh Comhairle Chontae na Gaillimhe (le linn Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018):

(i) go bhfuil riachtanas le sásamh trí na tailte atá i dtrácht a fháil, ar riachtanas é a chuireann leas an phobail ar aghaidh;
(ii) go bhfuil an mhaoin lena mbaineann oiriúnach i leith an riachtanas sin a shásamh;
(iii) gur breithníodh aon mhodhanna malartacha chun an riachtanas a shásamh; agus
(iv) go bhfuil úinéir na talún i dteideal cúiteamh a fháil.

77. Áitíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil fianaise an-láidir ann a shásaíonn an riachtanas go bhfuil riachtanas ann a chuireann leas an phobail ar aghaidh. Sna ráitis fianaise ó Eileen McCarthy, John O'Malley agus Andrew Archer, sainaithnítear gnéithe de ghá le Scéim Mhótarbhealaigh agus Scéim Bhóthair Chosanta agus leis an fáil éigeantach talún atá ag teastáil faoi na

scéimeanna sin.

78. Ina theannta sin, i dtaca le dlínse an Bhoird i leith breithniú a dhéanamh ar mhodhnuithe ar scéimeanna bóthair chosanta agus ar scéimeanna mótarbhealaigh, foráiltear le fo-alt 49(3), mar a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an mBord é, go bhféadfaidh an Bord an "*scéim a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe*". Dá réir sin, is léir go bhfuil dlínse ag an mBord modhnú a dhéanamh ar na scéimeanna, cibé acu arna iarraidh sin ag an údarás bóithre nó ar shlí eile. I dtaca leis sin de, de réir mar a daingníodh ar an gcéad lá den éisteacht ó bhéal a thionóil an Bord, mhol Comhairle Chontae na Gaillimhe modhnú ar Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018. Sa chomhthéacs sin, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis a mholadh chun tailte áirithe atá faoi úinéireacht *Boston Scientific Limited* a fháil go héigeantach a tharraingt siar.

79. Daingníodh don Bhord, ag an éisteacht ó bhéal, go bhfuil iarratas á dhéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun modhnú a dhéanamh ar Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 ionas go scriosfar na tailte agus na leasanna atá faoi úinéireacht Boston Scientific Limited as na Sceidil a ghabhann leis an Scéim Mhótarbhealaigh agus as na Mapaí a Taisceadh agus a ghabhann leis an Scéim Mhótarbhealaigh. Ina theannta sin, ar mhodh ceartúcháin a cuireadh faoi bhráid an Bhoird, tá moladh á dhéanamh maidir le tailte agus leasanna áirithe atá faoi úinéireacht páirtithe eile, mar shampla, Plásán 473a.201 (limistéir thírdhreachaithe Ghaelscoil Mhic Amhlaigh) a scriosadh as Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus as Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018, faoi seach.

80. Is follasach gurb é a tharlaíonn mar thoradh ar talamh agus cearta i dtalamh a fháil ná cur isteach ar úsáid na dtailte sin ag úinéirí/léasaithe/áititheoirí. Ach áitítear go bhfuil an cur isteach sin comhréireach leis an aidhm dhlisteanach atá á saothrú ar mhaithe le leas an phobail.

81. I dtaca leis sin de freisin, i gcás ina ndéanfar (i) Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe agus (ii) Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a cheadú, agus go bhfeidhmeoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a cuid cumhachtaí fála de bhun na scéimeanna ceadaithe sin, beidh úinéirí, léasaithe agus áititheoirí na dtailte agus na gceart i dtalamh a bheidh faighte i dteideal éileamh ar chúiteamh a thíolacadh agus, cheal comhaontú, déanfaidh Eadránaí Maoine éilimh den sórt sin a chinneadh de bhun scéim reachtúil ar leithligh.

82. Le linn na Scéimeanna a dhéanamh, ba dheimhin le Comhairle Chontae na Gaillimhe go raibh riachtanas ann a chuireann leas an phobail ar aghaidh agus atá le sásamh trí na tailte/leasanna i dtailte atá i gceist a fháil; go bhfuil an talamh lena mbaineann oiriúnach chun an riachtanas sin a shásamh; gur breithníodh aon mhodhanna malartacha chun an riachtanas a shásamh; agus

go mbeidh úinéirí, léasaithe agus áititheoirí i dteideal cúiteamh a fháil maidir leis an gcur isteach sin. In imthosca den sórt sin, tá aon chúngrú ar chearta maoine úinéirí/léasaithe/áititheoirí comhréireach agus riachtanach ar mhaithe le leas an phobail.

83. Mar chonclúid, áitítear gur suíodh go leordhóthanach an riachtanas agus an fírinniú i leith na forbartha bóthair beartaithe, ina n-áirítear an Scéim Mhótarbhealaigh agus an Scéim Bhóthair Chosanta. Tá gá leis an bhfáil éigeantach sa mhéid go n-éascóidh sí cur i gcrích Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe agus go gcuireann sí leas an phobail ar aghaidh ar mhodh suntasach. Is cuspóir dleathach é an cuspóir ar ina leith atá na tailte agus na leasanna i dtailte á bhfáil agus tá an fháil sin comhréireach leis an aidhm dhlisteanach atá á saothrú ar mhaithe le leas an phobail.

84. Sna himthosca go léir, de réir mar atá pléite sna haighneachtaí seo agus san ábhar os comhair an Bhoird, áitíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go hurramach gur ceart don Bhord (i) Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018, arna modhnú, agus (ii) Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018, arna modhnú, a cheadú ar an modh a léiríodh ag an éisteacht ó bhéal agus a thaispeántar ar na mapaí leasaithe atá taiscthe agus sna sceidil a tíolacadh ag an éisteacht ó bhéal i leith na Scéime Mótarbhealaigh agus na Scéime Bóthair Chosanta araon.

## F. ILGHNÉITHEACH

85. Le halt 135 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), tugtar rogha leathan do dhaoine a sheolann éisteacht ó bhéal maidir leis an nós imeachta atá le glacadh. Go háirithe, seolfaidh sé/sí an éisteacht gan aon fhoirmiúlacht mhíchuí. I dtaca leis sin de, féadfaidh an Cigire:

- an t-ord ina láithreoidh daoine ag an éisteacht a chinneadh;
- a cheadú d'aon duine láithriú i bpearsa nó duine eile a bheith aige nó aici chun feidhmiú thar a cheann nó thar a ceann;
- éisteacht a thabhairt do dhuine nár chuir aighneachta chuig an mBord Pleanála i gcás ina measfar gur cuí, ar mhaithe leis an gceartas, cead a thabhairt don duine sin éisteacht a fháil; agus
- diúltú cead a thabhairt pointe nó argóint a chur i láthair más rud é nach ndearnadh an pointe nó achoimre ar an argóint a thíolacadh roimh ré.

86. Le halt 143, ceanglaítear ar an mBord aird a bheith aige, *inter alia*, ar na beartais agus ar na cuspóirí atá ag Aire nó ag an Rialtas agus ag aon chomhlacht eile is údarás poiblí agus a bhfuil baint ag a fheidhmeanna le "*pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe*".

87. I dtaca leis sin de, soláthraíodh ráiteas mionsonraithe ina leagtar amach, *inter alia*, an tsuntasacht a bhaineann le hainmniú agus comhlíonadh TEN-T i gcomhthéacs beartais éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

## G. CONCLÚID

88. Sna himthosca go léir, de réir mar atá pléite sna haighneachtaí seo agus san ábhar os comhair an Bhoird, áitíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe gur ceart don Bhord:

(i) Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, fara na modhnuithe atá molta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe;

(ii) Scéim Mhótarbhealach Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 a cheadú faoi alt 49 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, fara na modhnuithe atá molta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe;

(iii) Scéim Bhóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 a cheadú faoi alt 49 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, fara na modhnuithe atá molta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

**JARLATH FITZSIMONS S.C.**
**DECLAN McGRATH S.C.**

**21 Feabhra 2020**